

Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017

Treoir d'Iarratais ar Dheontas



**Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas**
Irish Human Rights and Equality Commission

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

1622 Sráid na Faiche

Baile Átha Cliath 7, D07 CR20

+ 353 (0) 1 8589601

info@ihrec.ie

www.ihrec.ie

 [@_IHREC](https://twitter.com/_IHREC)

An Clár Ábhar

1.	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	5
1.1	Cuspóir agus Sainordú	5
2.	Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017	6
2.1	Réamhrá agus Forbhreathnú	6
2.2	Iarratasóirí Incháilithe	7
2.3	Téamaí Maoinithe	7
3.	Iarratas a dhéanamh ar Dheontas	10
3.1	Réamhrá agus Forbhreathnú	10
3.2	Foirm Iarratais	10
4.	Measúnú agus Dámhachtainí	13
4.1	Meastóireacht ar Iarratais	13
4.2	Fógra faoin Toradh	13
4.3	Coinníollacha na Tairisceana	13
4.4	Íocaíocht Deontais	14
4.5	Tuairisc ar an Tionscadal	14
5.	Plé le Ceisteanna	15
	Aguisín A: Feidhm Déanta Deontais an Choimisiúin agus Ráiteas Straitéise 2016-2018	17
	Aguisín B: Scéim Mharcála	19

1. Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

1.1 Cuspóir agus Sainordú

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an Coimisiún), a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (an tAcht fán gCoimisiún). Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

Faoin Acht fán gCoimisiún, is iad feidhmeanna foriomlána an Choimisiúin¹:

- a. Cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- b. Forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;
- c. Tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- d. Deachleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine, agus;
- e. Oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

1 An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Alt 10 (1)

2. Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017

2.1 Réamhrá agus Forbhreathnú

Tugann an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 cumhachtaí don Choimisiún chun deontais a thabhairt do chomhlachtaí eile chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe le cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn.

Áirítear le gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíocht deontais taighde, oideachas agus oiliúint ar shaincheistanna chearta an duine agus comhionannais agus gníomhaíochtaí chun imeascadh imirceach agus mionlach eile a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas (comhionannas inscne san áireamh) agus meas ar éagsúlacht agus ar dhifriocht chultúrtha. Tá eolas breise faoi seo agus faoi spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin in Aguisín A.

Tacóidh Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017 le gníomhaíochtaí laistigh den Stát a bhaineann le ceann de na téamaí seo a leanas (nó leis an dá cheann):

- a. Éagsúlacht agus Tuiscint Idirchultúrtha – feasacht agus tuiscint ar an idirchultúrthas a chur chun agus tacú le caidrimh idirchultúrtha éifeachtacha agus dhearfacha in Éirinn.
- b. Tacú le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na
- c. hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014) agus feasacht agus tuiscint ar an Dualgas a chur chun cinn.²

Is é €350,000 an ciste deontais iomlán faoi Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017.

Faoin Scéim seo, ní féidir le heagraíochtaí incháilithe ach iarratas amháin a chur isteach.

Glacfar le tograí le haghaidh (a) deontais bheaga suas le €6,000 nó (b) deontais ghinearálta suas le €20,000.

² Tá tuilleadh eolais faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí ar <https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty>

2.2 Iarratasóirí Incháilithe

Tá **eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta** (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhbhrabúis, grúpaí pobail agus ceardchumann), institiúidí acadúla³ agus **comhlachtaí poiblí** mar a shainítear faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, atá bunaithe in Éirinn incháilithe le cur isteach ar an deontas. Tugtar sainmhíniú leathan ar chomhlacht poiblí in Alt 2 den Acht fán gCoimisiún, 2014, agus áirítear leis: ranna rialtais, údaráis áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta, boird oideachais agus oiliúna, scoileanna agus comhlachtaí leathstáit.

Fáiltítear roimh iarratais ina bhfuil comhpháirtíocht chomhoibríoch idir dhá eagraíocht nó níos mó. Ach caithfear iarratais dá leithéid a dhéanamh in ainm eagraíocht cheannasach amháin a ghníomhóidh mar an tiarratasóir, agus ar a mbeidh freagracht iomlán airgeadais as an togra agus as téarmaí agus coinníollacha uile aon deontais a bhronntar a chomhlíonadh.

Caithfidh eagraíocht iarratasóra a bheith bunaithe mar chomhlacht poiblí nó caithfidh deimhniú imréitigh cánach nó stádas carthanais a bheith aici. D'fhéadfadh freisin go niarrfadh an Coimisiún ar eagraíochtaí iarratasóra ráitis airgeadais / cuntais iniúchta agus/nó sonraí iarmhéid bainc a thabhairt sula mbronnfaí aon deontas faoin Scéim seo.

2.3 Téama Maoinithe

Tá sé d'aidhm ag Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017 ceannaireacht agus barr feabhais a spreagadh, ag féachaint le cultúr chearta an duine agus an chomhionannais níos doimhne a chruthú in Éirinn. Tacóidh sí le gníomhaíochtaí incháilithe a bhaineann le ceann de na téamaí seo a leanas nó leis an dá cheann: (a) éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha agus (b) tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm.

Téama A: Éagsúlacht agus Tuiscint Idirchultúrtha

Tá forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha riachtanach chun caidrimh dhearfacha idirchultúrtha a chur chun cinn in Éirinn. Áirítear leis sin deachleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh agus caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi a chur chun cinn agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine. Tá sé d'aidhm ag an Scéim Deontais seo tacú le gníomhaíochtaí a dhéanann an méid seo a leanas:

- Caidrimh idirchultúrtha éifeachtacha agus dhearfacha a chur chun cinn agus a fheabhsú, lena n-áirítear idirphlé idirchreidmheach a chur chun cinn;
- Rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí difriúla sa tsochaí a spreagadh;
- Feasacht ar thionchar an chiníochais agus cineálacha éadulaingthe a bhaineann leis a mhéadú;
- Cur i gcoinne an chiníochais agus cineálacha éadulaingthe a bhaineann leis, agus aghaidh a thabhairt orthu;
- Iolrachas agus glacadh le difríochtaí a chur chun cinn, ag spreagadh cultúr measa ar shaoirse agus ar dhínit agus tuiscint ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas sa Stát;
- Tuiscint ar an idirchultúrthas agus éagsúlacht sa tsochaí bunaithe ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas a chur in iúl agus a chur chun cinn.

³ Tabhair faoi deara go gcaitheann an Coimisiún le gach Roinn acadúil mar eagraíocht ar leith nuair atá iarratais á gcur isteach ar an Scéim seo.

Téama B: Tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm

Baineann Dualgas na hEarnála Poiblí le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Leagtar dualgas dearfach ann ar chomhlachtaí na hearnála poiblí aird a bheith acu ar an ngá le hidirdhealú a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint ina nobair laethúil (tá tuilleadh eolais ar fáil ar <https://www.ihrec.ie/ga/ourwork/publicsectorduty>). Tacóidh an Scéim Deontais seo le gníomhaíochtaí a dhéanann an méid seo a leanas:

- Tacú le daoine a bhfuil cearta acu chun a gcearta a thuiscint agus a chruthú nuair atá seirbhísí poiblí á núsáid;
- Tacú le cumas na sochaí sibhialta⁴ plé agus gníomhú le comhlachtaí poiblí nuair atá Dualgas na hEarnála Poiblí á chur i bhfeidhm;
- Comhpháirtíochtaí oibre éifeachtacha a chur chun cinn a chumasaíonn an tsochaí sibhialta agus comhlachtaí poiblí chun cearta an duine agus/nó an comhionannas a chur chun cinn;
- A chinntiú go bhfuil comhlachtaí poiblí níos feasaí faoina noibleagáidí i leith daoine a bhfuil cearta acu agus go gcoimeádtar cuntasach iad ar bhealach níos éifeachtaí;
- Tacú le comhlachtaí poiblí chun saincheistanna chearta an duine agus/nó comhionannais, idir shonrach agus mheasctha, a bhaineann lena nobair do dhaoine a úsáideann a seirbhísí agus do chomhaltaí foirne, a shainiú agus chun aghaidh a thabhairt orthu;
- Cumas comhlachtaí poiblí a thógáil chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe de chomhlíonadh comhionannais agus chearta an duine i soláthar seirbhísí agus i bhfostaíocht.

Ag tagairt do Théama A (Éagsúlacht agus Tuiscint Idirchultúrtha) agus do Théama B (Tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm) cabhróidh an deontas le grúpaí incháilithe, mar shampla:

- **Feasacht a mhéadú agus foghlaim a roinnt:** d'fhéadfaí a áireamh leis sin (i measc nithe eile) ábhar a fhorbairt, a fhoilsiú agus a scaipeadh; comhdhálacha, seimineáir nó comhchainteanna a eagrú; spásanna cruthaitheacha agus/nó rannpháirtíochta a chruthú chun feasacht a mhéadú agus le haghaidh foghlama; malartú eolais agus tuiscint ar shaincheistanna chearta an duine agus/nó comhionannais a fheabhsú ar fud earnálacha agus disciplíní difriúla.
- **Oiliúint agus oideachas a sholáthar:** d'fhéadfaí a áireamh leis sin (i measc nithe eile) gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ar shaincheistanna a bhaineann le gné amháin nó níos mó de chearta an duine agus/nó comhionannas, lena náirítear gníomhaíochtaí atá cruthaitheach, nuálach agus/nó a spreagann rannpháirteachas.
- **Tabhairt faoi gníomhaíochtaí taighde agus oideachais:** d'fhéadfaí a áireamh leis sin (i measc nithe eile) taighde cainníochtúil, cáilíochtúil nó rannpháirtíochta ar ghné amháin nó níos mó de shaincheistanna chearta an duine agus/nó comhionannais; bailiú sonraí; anailís agus taifead ar shamhlacha deachleachtais chun cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn.

4 Áirítear le sochaí sibhialta eagraíochtaí neamhbhrabúis, grúpaí pobail agus ceardchumainn.

- **Cumas eagraíochta a thógáil chun cearta an duine agus comhionannas a chur i bhfeidhm ina nobair ó lá go lá ar fud a bhfeidhmeanna:** d'fhéadfaí a áireamh leis sin (i measc nithe eile) tabhairt faoi mheasúnú chearta an duine agus comhionannais ar bheartais, pleananna agus cleachtais chun saincheisteanna a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint; dul i gcomhairle agus i bpáirt le comhaltáí foirne agus/nó úsáideoirí seirbhísí chun cabhrú le saincheisteanna a chur in ord tosaíochta; imeachtaí oiliúna ar shaincheisteanna sonracha chearta an duine agus/nó comhionannais; bailiú sonraí.
- **Cláir / tionscadail a sheachadadh chun cearta an duine agus/nó comhionannas a fheabhsú:** d'fhéadfaí a áireamh leis sin (i measc nithe eile) gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus/nó rannpháirtíochta chun imeascadh imirceach agus mionlach eile a chur chun cinn; meas ar éagsúlacht agus difríocht chultúrtha a chur chun cinn; comhionannas nó gné comhionannais a bhaineann le ceann amháin de na forais comhionannais nó níos mó a chur chun cinn; tacú le grúpaí leochaileacha chun aghaidh a thabhairt ar ábhar imní atá acu.

3. Iarratas a dhéanamh ar Dheontas

3.1 Réamhrá agus Forbhreathnú

Caithfear iarratais a chur isteach ar an bhfoirm iarratais a sholáthraítear.

Faoin Scéim seo, ní féidir le heagraíochtaí incháilithe ach iarratas amháin a chur isteach.

Is féidir iarratais a chur isteach:

- Ar ríomhphost chuig grants@ihrec.ie (úsáid an líne ábhair 'Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017').
- Sa phost chuig 'Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017', Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannais, 1622 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.

*Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte Dé Céadaoin, **an 6 Meán Fómhair 2017 ag 5.00 i.n.***

Caithfear gach iarratas a chuirtear ar ríomhphost agus sa phost a fháil faoin am agus spriocdháta thuasluaite. Ní dhéanfar iarratais a gheofar i ndiaidh an ama agus dáta sin a mheas. I gcás iarratais a chuirtear sa phost, ní leor stampa poist leis an dáta deiridh.

3.2 Foirm iarratais

Tá sé chuid san fhoirm iarratais:

Cuid A: Sonraí na hEagraíochta

Iarrtar eolas bunúsach sa chuid seo faoin eagraíocht iarratasóra, an ceannasaí don iarratas seo ar dheontas agus – más ábhartha – aon eagraíocht chomhpháirtíochta/grúpa eagraíochtaí.

Cuid B: Téama Maoinithe

Iarrtar ar iarratasóirí a thabhairt le fios cén téama maoinithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht bheartaithe.

Cuid C: Togra an Tionscadail

Iarrtar ar iarratasóirí sonraí a thabhairt faoin tionscadal a bhfuil siad ag lorg maoiniú lena aghaidh. Cuimsítear leis sin ábhar ar nós aidhmeanna agus chuspóirí an tionscadail, na príomhghníomhartha nó príomhghníomhaíochtaí lena mbaineann, agus na torthaí beartaithe.

Tá an teolas a thugtar sa chuid seo ábhartha go háirithe don chuid 'Caighdeán an Togra' sa Scéim Mharcála. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcinntíonn iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeidh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith mar is ceart.

Cuid D: Cumas Eagraíocháin agus Cuir i bhFeidhm

Iarrtar sa chuid seo le haghaidh eolais faoi obair na heagraíochta iarratasóra (agus eagraíochtaí comhpháirtíochta nuair is cuí), a cumas an tionscadal atá á bheartú a chur i bhfeidhm, agus faoin gcaoi a seachadfar an tionscadal beartaithe agus cé a sheachadfaidh é.

Tá an teolas a thugtar sa chuid seo ábhartha go háirithe don chuid 'Cumas Eagraíocháin agus Cuir i bhFeidhm' sa Scéim Mharcála. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcinntíonn iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeidh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith mar is ceart.

Cuid E: Buiséad Tionscadail agus Costálacha

Iarrtar eolas sa chuid seo faoin maoiniú atá á iarraidh – an tsuim iomlán atá á iarraidh agus miondealú ar chostais an tionscadail. Ba cheart na costais ar fad a thabhairt in Euro agus ba cheart go mbeadh CBL san áireamh leo.

Tá an teolas a thugtar sa chuid seo ábhartha go háirithe don chuid 'Costais' sa Scéim Mharcála. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcinntíonn iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeidh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith mar is ceart.

Iarrtar ar iarratasóirí miondealú a thabhairt ar a gcostais i réimse ceanteideal. Tabhair faoi deara nach mbeadh gach ceanteideal i gceist i ngach cás. Is iad seo na ceanteidil sin:

- **Seirbhísí ar Coradh:** Mar shampla, táillí conraitheoirí a fhostáítear chun tabhairt faoi thaighde (lena náirítear taighdeoir piara), nó saineolas, oiliúint, éascú chearta an duine agus comhionannais a sholáthar, comhordú tionscadail, riaracháin tionscadail;
- **Costais an Imeachta:** Mar shampla, cíós ar ionad, seomraí cruinnithe, sólaistí;
- **Taisteal agus Cothabháil:** Mar shampla, taisteal agus cothabháil aoichainteoirí nó tacaíocht do rannpháirtithe chun páirt a ghlacadh i dtionscadal nó freastal ar imeacht;
- **Costais Phromóisin:** Mar shampla, poiblíocht agus fógraíocht d'imeacht nó do thionscadal, cló agus dearadh, costais TFC le haghaidh tacaí ar líne agus meáin shóisialta;
- **Ceannach Ábhar:** Mar shampla, ábhar oiliúna, fótachóipeáil nó páipéarachas;
- **Costais Eile:** Sonraigh le do thoil
- **Riarachán:** Tá buntáille 5% ceadaithe d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta (lena náirítear eagraíochtaí neamhbhrabúis, grúpaí pobail agus ceardchumann) atá bunaithe in Éirinn.

Níl na gníomhaíochtaí agus costais seo a leanas incháilithe agus ní bhreithneofar iad le haghaidh maoiniú:

- Maoiniú croífheidhmeanna comhlachta phoiblí
- Croícostais eagraíochta, lena náirítear tuarastal croífhoirne reatha agus forchostais
- Costais nach mbaineann leis an tionscadal san iarratas
- Costais shiarghabhálacha – gníomhaíocht a tharla cheana féin roimh an dáta a ceadáíodh an tiarratas
- Maoiniú tráchtais iarchéime
- Ceannach trealamh TF nó oifige nó soláthairtí ginearálta oifige
- Gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid
- Gnéithe atá á maoiniú ó fhoinsí eile cheana féin
- Tionscadail nó gníomhaíochtaí as a neascraíonn gníomhaíocht tráchtála nó brabús

Cuid F: Dearbhuithe Éigeantacha

Sa chuid seo, éilítear ar iarratasóirí a dhearbhú go dtuigeann agus go nglacann siad leis na forálacha um Shaoráil Faisnéise a bheidh i bhfeidhm ar iarratais faoin Scéim Deontais seo.

Éilítear ar iarratasóirí a dhearbhú freisin go dtuigeann agus go nglacann siad le Séanadh a deir nach mbeidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi dhliteanas don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile maidir le haon chaillteanas, damáiste nó costais a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as: (a) An tiarratas nó ábhar an iarratais; (b) diúltú don iarratas ar chúis ar bith.

4. Measúnú agus Dámhachtainí

4.1 Meastóireacht ar Iarratais

Léifear na hiarratais ar fad chun a nincháilitheacht a sheiceáil. Beidh iarratais incháilithe:

- Istigh in am;
- Comhlánaithe go hiomlán;
- Á gcur isteach ag iarratasóir incháilithe.

Tionólfar painéal go speisialta chun na hiarratais incháilithe ar fad a mheasúnú. Beidh comhaltaí foirne ábhartha ón gCoimisiún agus saineolaithe seachtracha neamhspleácha ar an bpainéal measúnaithe do 'Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017'.

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe de réir na scéime marcála seo a leanas:

- Caighdeán agus Ábharthacht an Togra (50 marc);
- Cumas Eagrúcháin agus Cuir i bhFeidhm (30 marc);
- Costais (20 marc).

Déanfar measúnú ar gach iarratais ar dtús faoi Chaighdeán agus Ábharthacht an Togra. Ní chuirfear ach na tograí a fhaigheann 35 mharc ar a laghad as an 50 marc atá ar fáil faoin gcritéar seo ar aghaidh dá measúnú faoin dá chritéar eile. Tá tuilleadh sonraí faoin scéim mharcála sin in Aguisín B thíos.

4.2 Fógra faoin Toradh

Seolfar litir nó ríomhphost chuig gach iarratasóir, beag beann ar cé mar a éiríonn leo, faoi thoradh phróiseas an mheasúnaithe.

4.3 Coinníollacha na Tairisceana

Éileofar ar iarratasóirí a néiríonn leo Comhaontú Deontais a shíniú, a áireofar i measc nithe eile:

- Dáta tosaigh agus críochnaithe don tionscadal;
- Ráiteas ar ghníomhaíochtaí agus ar ghníomhartha atá le seachadadh;
- Suimeanna maoinithe agus socruithe faoi mhaoiniú a tharraingt anuas;
- Ceanglais athbhreithnithe tionscadail, tuairiscithe agus airgeadais;
- Ceanglais caiteachais dheimhnithe, lena náirítear sonraisc agus fianaise ar íocaíocht;
- Ceanglais shonracha iarratasóirí maidir le fógraíocht, úsáid lógónna, srl.
- Dearbhú sínithe chun a dhearbhuí nach bhfuil an eagraíocht ag fáil maoiniú ó chistí poiblí eile don tionscadal seo.

Caithfear gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin scéim deontais a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ó chomhaontú deontais a shíniú

4.4 Íocaíocht Deontais

Sonrófar socruithe le deontais a tharraingt anuas, ar bhonn caiteachas deimhnithe, sa Chomhaontú Deontais.

Caithfear admháil a fháil le haghaidh an chaiteachais ar fad agus caithfear é a thuairisciú.

Íoctar an maoiniú in dhá thráthchuid ar a laghad.

Ní dhéanfar na híocaíochtaí deiridh i ngach cás go dtí go gcríochnaítear an tionscadal agus go bhfaightear Tuairisc ghairid ar an Tionscadal.

4.5 Tuairisc ar an Tionscadal

Tabharfar cur síos gairid sa Tuairisc ar an Tionscadal ar an tionscadal, agus áireofar an méid seo a leanas:

- Achoimre ar na gníomhartha agus gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu
- Éachtaí nó torthaí an tionscadail
- Measúnú ar an gcaoi ar comhlíonadh cuspóirí an tionscadail

5. Plé le Ceisteanna

Má bhíonn aon cheist agat, seol í chuig grants@ihrec.ie leis an líne ábhair '[Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017](#)'.

Is féidir scríobh freisin chuig:

Scéim Deontais Chearta an Duine agus Comhionannais, 2017
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
1622 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7
D07 CR20

Tabhair faoi deara, a luaithe is a chuirtear iarratas ar dheontas faoi bhráid an Choimisiúin, ní bheidh sé in ann tabhairt faoi chomhfhreagras aonair ná scríofa agus ní bheidh sé in ann ceisteanna incháilitheachta a athbhreithniú le hiarratasóirí.

Aguisín A: Feidhm Déanta Deontais an Choimisiúin agus Ráiteas Straitéise 2016-2018

Tugann an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 cumhachtaí don Choimisiún chun cúnamh airgeadais a thabhairt do chomhlachtaí eile chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe le cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn. Leagtar síos in Alt 10 (j), (k) agus (l) d'Acht 2014 na cineálacha gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíocht deontais ón gCoimisiún, is iad sin:

- Gníomhaíochtaí taighde agus oideachais;
- Oideachas agus oiliúint ar shaincheistean chearta an duine agus comhionannas;
- Clár gníomhaíochtaí agus tionscadal chun imeascadh imirceach agus mionlach eile a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas (comhionannas inscne san áireamh) agus meas ar éagsúlacht agus ar dhifriocht chultúrtha.

Spriocanna agus Cuspóirí Straitéise an Choimisiúin

D'fhoilsigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a chéad ráiteas straitéise i mí Eanáir 2016. Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2016/2018 cúig sprioc straitéiseacha, ag cur fhís, mhisean, shainordú agus luachanna an Choimisiúin san áireamh (feic Ráiteas Straitéise 2016/2018 de chuid an Choimisiúin).

Go hachomair, is iad na spriocanna sin:

Sprioc 1: Ceannaireacht

Faoi 2019 tabharfar aitheantas dúinn mar eagraíocht údarásach atá ag spreagadh agus ag cumasú barr feabhais i gcearta an duine agus sa chomhionannas. Breathnófar orainn mar eagraíocht ag a bhfuil cultúr láidir bunaithe ar luachanna a thagann le cur chuige uaimhianach agus cróga i leith chearta an duine agus an chomhionannais.

Chun an fhís sin a bhaint amach, beidh againn:

- Cur chuige réamhghníomhach agus dúshlánach, ag tacú le barr feabhais i gcosaint chearta an duine agus an chomhionannais in Éirinn;
- Clú láidir údarásach mar eagraíocht a imríonn tionchar ar fhíorathrú, ag cruthú cultúr níos deimhne de chearta an duine agus den chomhionannas.

Spríoc 2: Ár gcumhachtaí dlíthiúla, dualgas na hearnála poiblí go háirithe, a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach

Faoi 2019 beidh athrú intomhaiste ar chleachtas iad siúd ar a bhfuil na príomhdhualgais de bharr a bhfeasachta ar dhlí agus ar dheachleachtas chearta an duine agus an chomhionannais

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Ár gcumhachtaí dlíthiúla agus rialála a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach;
- Comhlíonadh chearta an duine agus an chomhionannais i bhfostaíocht agus i seachadadh seirbhíse a mhonatóiríú go héifeachtach;
- A chinntiú go gcuirtear caighdeán chearta an duine agus an chomhionannais i bhfeidhm go láidir – an Coinbhinsiún um Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus Prótacal roghnach 2 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i gcoinne an Chéasta go háirithe;
- A chinntiú go bhfuil siad siúd ar a bhfuil dualgais i bhfad níos feasaí faoina noibleagáidí i leith daoine a bhfuil cearta acu agus go gcoimeádtar cuntasach iad ar bhealach níos éifeachtaí;
- Cur chuige straitéiseach a úsáid i leith úsáid anailísíocht sonraí agus taighde a spreagann cinnteoireacht éifeachtach ar shaincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas agus a thacaíonn léi.

Spríoc 3: Tuiscint ar dhóirínteacht an chomhionannais agus chearta an duine a chur chun cinn

Faoi 2019 beidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tar éis tacaíocht a chur chun cinn agus a thógáil do dhearcadh iomlánaíoch i leith chearta an duine, agus aird faoi leith ar chearta socheacnamaíocha.

Seachadfaimid:

- Straitéis a rachaidh i ngleic le saincheisteanna móra um chearta an duine agus um an gcomhionannas agus a imreoidh tionchar orthu;
- Straitéis taighde ghníomhach bunaithe ar fhianaise a fheabhsaíonn agus a bhreisíonn
- cinnteoireacht ar shaincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas;
- Cinnteacht go léirítear cearta an duine agus an comhionannas i bpríomhphróiseas reachtaíochta agus buiséadaithe;
- Tacaíocht bhreisithe do bhearta leathnaithe cosanta do chearta socheacnamaíocha.

Spríoc 4: Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích

Faoi 2019 beidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tar éis dul chun cinn straitéiseach a bhaint amach i réimsí ríthábhachtacha chearta an duine agus an chomhionannais trí throid in aghaidh an idirdhealaithe agus trí chearta a chosaint, go háirithe cearta iad siúd is lú buntáiste.

Bainfimid sin amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:

- A bheith réamhghníomhach i dtacaíocht a chur ar fáil do dhaoine agus a gcearta a chosaint;
- Deachleachtas agus na caighdeáin is airde in oideachas chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn;
- Comhoibriú láidir a bheith againn le hoibríthe agus le grúpaí fostóra chun cearta an duine agus an comhionannas a spreagadh;
- Comhpháirtíochtaí oibre éifeachtacha a chur i bhfeidhm a chumasaíonn an tsochaí shibhialta chun cearta an duine agus an comhionannas a chur chun cinn;
- Cruthú timpeallacht measa ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas in Éirinn a chur chun cinn trí chaighdeáin chearta an duine agus an chomhionannais a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú go héifeachtach.

Spríoc 5: Éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha

Caidrimh idirchultúrtha éifeachtacha agus dhearfacha in Éirinn a chur chun cinn agus cur leo. Faoi 2019 beidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, trí shraith idirghabhálacha dearfacha, tar éis aitheantas an phobail d'éagsúlacht agus do chaidrimh idirchultúrtha mar ghné dhearfach i saol na hÉireann a bhreisiú.

Bainfimid sin amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:

- Tuiscint ar an idirchultúrachas bunaithe ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas a sheachadadh agus a chur in iúl;
- Rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí difriúla sa tsochaí;
- Deachleachtas san idirchultúrachas a chur chun cinn, trí idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidmheach a chur chun cinn ina measc;
- Cur i gcoinne an chiníochais agus cineálacha éadulaingthe a bhaineann leis;
- Iolrachas agus glacadh le difríochtaí a chur chun cinn, ag spreagadh cultúr measa ar shaoirse agus ar dhínit agus tuiscint ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas sa Stát.

Aguisín B: Scéim Mharcála

Tabhair faoi deara: Déanfar measúnú ar gach iarratais ar dtús faoi Chaighdeán agus Ábharthacht an Togra. Ní chuirfear ach na tograí a fhaigheann 35 mharc ar a laghad as an 50 marc ar fáil faoin gcritéar seo ar aghaidh dá measúnú faoin dá chritéar eile.

Critéir	Tuairisc	Uas mharc ar fáil
Caighdeán agus 50 Ábharthacht an Togra	<p>Caighdeán agus ábharthacht an togra, agus a gcuireann an togra le clár chearta an duine agus comhionannais.</p> <ul style="list-style-type: none">An bhfuil réasúnaíocht shoiléir ann faoin gcúis ar roghnaíodh na saincheisteanna sonracha agus/nó spriocghrúpa(i) a dtugtar breac chuntas orthu sa togra?An gcuireann foinsí ábhartha bonn eolas faoin togra, ar nós sonraí, taighde agus cáipéisí oifigiúla? <p>Cur chuige soiléir, gníomhartha nó gníomhaíochtaí soiléir, torthaí féideartha an togra bheartaithe.</p> <ul style="list-style-type: none">An bhfuil na gníomhartha nó gníomhaíochtaí réalaíoch?An bhfuil soiléire ann maidir leis an méid a theastaíonn ón togra a bhaint amach (torthaí) maidir le cearta an duine agus comhionannas?An bhfuil sé d'aidhm ag an togra bearnaí a shainnithint nó aghaidh a thabhairt orthu maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaint amach?	50

Critéir	Tuairisc	Uas mharc ar fáil
<p>Cumas Eagrúcháin agus Cuir i bhFeidhm</p>	<p>Indéantacht agus creidiúnacht an phlean bheartaithe.</p> <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil na gníomhartha nó gníomhaíochtaí réalaíoch agus indéanta, i dtéarmaí torthaí a bhfuil súil leo a bhaint amach agus i dtéarmaí an togra a chur i bhfeidhm san am a shonraítear? <p>Cumas an tionscadal a chríochnú d'ardchaighdeán agus laistigh den am a shonraítear.</p> <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil fianaise ar chuntas teiste maith agus torthaí inláimhsithe ó thionscadail roimhe seo, ceachtanna a foghlaimíodh ina measc? <p>Taithí ar thionscadail a bhainistiú.</p> <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil cumas na heagraíochta an togra a chur i bhfeidhm soiléir san iarratas? 	<p>30</p>
<p>Costais</p>	<p>Costálacha agus luach ar airgead</p> <ul style="list-style-type: none"> An leagtar amach go soiléir sa togra a chaoi a leithdháilfear an buiséad? An bhfuil na costálacha réalaíoch? An mbreithnítear luach ar airgead sa bhuiséad? .i. - Réasúnaíocht le haghaidh réimsí sonracha an leithdháilte buiséid a shoiléiriú mar is cuí agus míniú ar an gcaoi a meastar go gcuirfidh an leithdháileadh buiséid sin leis na torthaí a bhaint amach; - Aon réimsí inar chuir luach ar airgead bonn eolais faoin gcur chuige i leith an togra a chur i bhfeidhm a shainithint. 	<p>20</p>
<p>Iomlán marcanna atá ar fáil</p>		<p>100</p>